
# AR CHUALA TÚ?

Conamara Láir

Pleanáil Teanga Chonamara Láir



## Féile Joe Éinniú 2022

Cuireadh fáilte mhór bríomhar roimh Fhéile Joe Éinniú a bhí ar siúl ón 29ú Aibreán go dtí an 2ú Bealtaine. De bharr an paindéim COVID 19 b'éigin an fhéile a chur ar ceal dhá bhliain i ndiaidh chéile. Bhí sé go deas na hamhránaithe, ceoltóirí, damhsóirí agus an pobal a fheiceáil ag ceiliúradh arís i dteannta chéile sna hionaid agus tithe tábhairne áitiúla le linn an deireadh seachtaine. Comhghairdeas leis an gcoiste a chur clár ama le chéile a bhí lán le himeachtaí agus gníomhachtaí iontacha.

## Amhrán Nua-Chumtha

Bheartaigh Pleanáil Teanga Chonamara Láir i gcomhar le Comhairle Contae na Gaillimhe, Comórtas Amhrán Nua-Cumtha a reáchtáil mar chuid den Fhéile i mbliana. Chuir triúir iomaitheoirí isteach ar an gcomórtas ach de bharr cúinsí nach raibh aon neart air, ní raibh ach amhránaí amháin linn ar ar an oíche agus b'shin í Ailish Ni Giolla Phádraig. Chuir Ailish faoi dhraíocht muid ar fad lena guth aoibhinn binn ag casadh amhrán 'Aistir an tSaoil' a scríobh Máiread Uí Dhomhnaill. Thug coiste Féile Joe Éinniú deis dúinn an t-amhrán a chur ós comhair an phobail ag an ócáid oscailte na Féile in Ionad Cuimhneacháin na nImirceach i gCarna.



**Bhuail foireann Pleanála Teanga Chonamara Láir isteach chuig scoláirí na céad bliana i gColáiste na bPiarsach chun teastas agus síntúis a bhronnadh orthu as a rannpháirtíocht sa togra le na n-amhrán álainn 'Oiléan an Dóchais, Oiléan na nDeor'. Buíochas leis an scoil as an fáilte chroíúil a chuir siad romhainn ar an lá.**

**Is í Caitríona Ní Chonaola an triú iomaitheoir ina bhfuil amhrán álainn 'Loscadh' cumtha aici. Táthar ag súil an trí amhrán a thaifead go luath agus beidh siad le cloisteáil go poiblí. Comhghairdeas libh ar fad.**



**Ba mhaith linn buíochas a ghlacadh leis na hiomaitheoirí ar fad, leis an gcoiste , le Ionad Cuimhneacháin na nImirceach agus Comhairle Contae Na Gaillimhe.**

# Scéilp na nÓg 2022

**Bhí lá den scoth againn ag an ócáid 'Scéilp na nÓg' ar an 2ú Bealtaine a eagraíodh do Chlubanna Óige an cheantair mar chuid d'Fhéile Joe Éinniú na bliana seo. Cuireadh tús leis an lá in Ionad Cuimhneacháin na nImirceach, Carna, áit a chur Máirín Ní Choisdealbha-Seoige (bainisteoir FCL Teo.), Seán ó hÉanaigh, (Coiste Féile Joe Éinniú) & Anne Uí Dhonnacha (Oifigeach Pleanála Teanga) fáilte mhór roimh na déagóirí. Nuair a bhí greim ite acu uaidh Eileen ag an Ionad, ba ghearr go raibh na hóganaigh ag roinnt a gcuid tallan ceoil, amhráin agus damhsa linn ag an gceardlann faoi stiúir Josie Ó Ceannabháin. Ní raibh aon am le spáráil go dtug muid ár n-aghaidh ar Lúibín Mhaíros. Chuir an treoraí, Séamus Breathnach (Club Spaisteoireachta Iorras Aithneach) béim ar an gcomhshaol, stair na háite agus an timpeallacht. Inár dteannta chomh maith bhí Mairéad Hurley, & Dr. Liz Coleman ó Ollscoil na hÉireann, Gaillimh ag cuir béim ar an athrú aeráide, cursaí timpeallachta, agus go háirithe cursaí a bhaineann leis an aer agus truailliú an aeir. Nuair a d'fhill muid ar ais ar an Ionad, bhí lón don scoth curtha ar fáil ag Clíona ó Tigh Mheaic dúinn. Cuireadh críoch bhreá croíúil leis an lá nuair a thug Peadar ó Maoláin deis do na deagóirí roinnt damhsaí céilí a fhoghlaim- Ionsaí na Hinse, Ballaí Luimnigh, Stacín Eorna, agus Baint an Fhéir. Bhí ceol breá bríomhar curtha ar fáil dhúinn ag Mikey Breathnach agus Máirtín Ó Cualáin. Nár laga Dia sibh ar fad.**





# ÓCÁID FÁILTITHE AN ACADAIMH DO PHOBAL NA HÚCRÁINE IN IORRAS AITHNEACH

**Tá sé thrí mhí anois ann ó thosaigh "feachtas speisialta" na Rúise in éadan na hÚcráine, agus cheana féin tá os cionn 30,000 teifeach ón gcogadh i ndiaidh theacht go hÉirinn. Le dhá mhí anuas, tá os cionn leathchéad díobh tar éis dídean a fháil i gCarna, áit a bhfuil siad ag cur fúthu in Óstán Chuan Charna.**

**Cinnte, ní dá rogha féin a d'fhág siad a dtír féin agus tá sé de chúram orainn uilig fáilte mhór a chur rompu, agus cuidiú leo dul i gcionn na tsaoil a fhad is atá siad anseo in Éirinn. Is ag iarraidh fáilte a chur roimh na daoine seo, a d'fhulaing an oiread le teacht anseo, agus atá faoi bhrú mór de bharr na rudaí atá ag tarlú ina dtír dhúchais, an sprioc a bhí leis an ócáid fáiltithe seo.**

**Ar an gCéadaoin, an 27 Aibreán, cuireadh fáilte roimh na daoine seo ag ócáid in Ionad na hOllscoile i gCarna. Ba dheis a bhí san ócáid chéanna iad a chur ar an eolas faoi Éirinn agus faoi obair na hOllscoile sa cheantar agus plé a dhéanamh ar an mbealach is fearr a mbeadh an Ollscoil in ann a cuid acmhainní a roinnt leo.**

**I measc na gcainteoirí ar an oíche, bhí Máire Bríd Breathanch, Riarthóir Ionad na hOllscoile i gCarna, an Dr Seathrún Ó Tuairisg a labhair ar an obair chartlannaíochta agus thaighde atá ar siúl san Ionad chomh maith le hionadaithe ón Oifig Idirnáisiúnta, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh.**

**Chomh maith leis sin, thug an staraí Breandán Mac Suibhne, ollamh de chuid na hOllscoile agus Stiúrthóir Léinn Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge, cuntas gairid ar stair iarthar na hÉireann, agus thug Brendan O'Leary, ollamh le polaitíocht in Ollscoil Pennsylvania, cuntas dóibh ar pholaitíocht na tíre. Tá an tOllamh O'Leary ar cuairt ar Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, faoi choimirce Choimisiún Fulbright. Is saineolaí é ar pholaitíocht na hÉireann, a bhfuil iomrá idirnáisiúnta air. Tá comhairle curtha aige ar rialtas na hÉireann agus ar rialtas na Ríochta Aontaithe faoi Thuaisceart Éireann agus tá tréimhse caite aige ina chomhairleoir de chuid na Náisiún Aontaithe. Lena chois sin, bhí sé tamall ina chomhairleoir ar ghnóthaí bunreachta ag Rialtas Réigiúnach na Cordastáine.**

**Ba é seo an chéad ócáid dá chineál san Ollscoil agus de bharr gur éirigh chomh maith leis, beidh an múnla céanna á úsáid ag roinnt ócáidí eile de chuid na hOllscoile agus iad ag tabhairt faoi thacaíochtaí Ollscoile a chur ar fáil do phobal na hÚcráine.**







## Seoladh Leabhair- Scoil Bhriocáin

-Micheál Ó Máille

'Fréamhacha na Saoirse i gConamara Thiar 1920-21'
Bhí ócáid mhór ar an nGort Mór ar an Aoine, an 6ú lá de Bhealtaine, nuair a bhailigh os cionn cheithre scór duine isteach i Halla Scoil Náisiúnta Bhriocáin. Ba é Seosamh Ó Cuaig a sheol an leabhar a dhéanann cuir síos go mion ar eachtraí Chogadh na saoire san taobh seo tíre. I measc an slua bhí an Seanadóir Séan Kyne, foireann na scoile, muintir an bhaile, gasúir na scoile, iar-scoláirí chomh maith lena lán eile.
Tá cur síos san leabhar ar Luíochán Scríob , Cath Mhuintir Eoghain, ionsaí na Dúchrónaigh ar Rosmuc . Chomh maith leis seo tá cur síos ar na pearsa a chuaigh amach ag troid sna blianta sin. Mar shampla tá tagairt san leabhar do Sheoirse Standún as Leitir Caladh ar Phat Geoghegan as Doire Bhanbh a bhí lárnach san troid agus nach bhfuil mórán tagairt dhá dhéanamh dóibh sna laethanta seo. Tá cuir síos mór san leabhar ar an cheannaire Óglaigh Chonamara Thiar agus an fear is mó a thug dúshlán na Sasanach, Pete Mac Domhnaill.
Tá an leabhar ar díol san scoil ( 091-574303) , Tí Mháille, Ionad an Phiarsaigh agus Tí Chadhain I gCill Chiaráin.
Comhghairdeas mór le Micheál Ó Máille agus daltaí Scoil Náisiúnta Bhriocáin as an leabhar nua staire 'a chur i gcrích. Bhí an-áthas ar Phleanáil Teanga Chonamara Láir tacaíocht a thabhairt don fhoilseachán seo agus guíonn siad gach rath ar an scoil.





## Club Óige Ros Muc & Camus

Thosaigh Club Óige Ros Muc & Camus amach i mí Dheireadh Fómhair 2021 sa gCrannóg i Ros Muc. Is áis thar a bheith riachtanach é seo dhúinn mar dhéagóirí, go mór mór tar éis an cúpla bliain dúshlánach atá curtha isteach againn de bharr an Phaindéim - Covid 19.
Tugann sé an dheis do dhéagóirí an cheantair theacht le chéile chuile tráthnóna Dé hAoine ó 7.30 - 9.00. Imríonn muid go leor spóirt éagsúla mar shampla: Cispheil, leadóg, peil agus sacar. Os a chionn sin, imríonn muid cluichí ar an Xbox, snúcar, dairts agus leadóg bhoird.



Eagraítear imeachtaí breise dhúinn freisin. Go dáta, chuaigh muid ag babhláil i nGaillimh, chaith muid lá i gCárna le linn Féile Joe Éinniú. Bhí an-oíche cluichí againn nuair a tháinig 'An Ciúb' isteach ar chuairt againn. Bhí tráth na gceist againn oíche agus thug Club Óige Chárna cuairt orainn le gairid.
Ar ndóigh, tuigeann muid nach bhféadfadh sé seo ar fad tarlú gan cúnamh agus tacaíocht a fhaigheann muid ó dhaoine ar leith. Ba mhaith linn buíochas mór a ghlacadh le Muintearas,
Pleanáil Teanga Chonamara Láir agus go mór mór Coiste an Chlub Óige a chuireann an oiread obair isteach gach seachtain ar mhaithe linn. Tá muid fíorbhuíoch agus tá muid ag súil go mór leis an chéad bliain eile cheana féin!

- Molly Ní Chaonaigh

## Seoladh Plean Teanga Dhúiche Sheoigheach agus Thuar Mhic Éadaigh




Bhí Áras Pobail Chorr na Móna lán ó chúl go doras nuair a sheol Aire Stáit na Gaeltachta, Jack Chambers TD, Plean Teanga Dhúiche Sheoigheach agus Thuar Mhic Éadaigh ar an 13 Bealtaine. B'ócáid speisialta a bhí ann agus tugadh deis don phobal a gcuid tallann a thaispeáint, idir cheol, amhráin agus damhsa ar an Sean-Nós.

Is dea-scéala é seo mar go bhfuil cuid de limistéar Pleanála Teanga Chonamara Láir comhroinnte le Dúiche Sheoigeach agus Tuar Mhic Éadaigh.

Ba mhaith linn comhgairdeas a dhéanamh le Stiofán Seoige, an tOifigeach Pleanála Teanga, an coiste stiúrtha, an comharchumann agus pobal Dhúiche Sheoigheach agus Thuar Mhic Éadaigh as an obair iontach atá ar siúl acu.


## 'Mar a deir an Seanfhocal'

Mar chuid de Seachtain na Gaeilge, shocraigh Pleanáil Teanga Chonamara Láir togra ealaíne 'Mar a deir an Seanfhocal' a reáchtáil i gcomhar le bunscoileanna an limistéar. Bhí ar na scoileanna seanfhocal a roghnú agus póstaer a dhearadh bunaithe ar an seanfhocal sin. Chuir sé seo le saibhriú na Gaeilge ar bhun cruthaitheach agus trí ghníomh. Priontáladh na póstaeir go proifisiúnta agus tugadh amach chuig gach scoil iad mar phacáiste. Is bealach é do na gasúir a gcuid déantús ealaíne a thaispeáint agus an nasc idir scoileanna an limistéir a láidriú mar go bhfuil gach póstaer le feiceáil i ngach scoil. Féach thíos ar an obair álainn agus cruthaitheach a rinne siad.




































## Seaimpíní an Iarthair

**Comhghairdeas mór le foireann Carna Caiseal/Na Piarsaigh a bhuaigh Cluiche Ceannais an Iarthar Faoi 19. D'imir siad sárchluiche in aghaidh an Cheathrú Rua ar Pháirc na bPiarsach ar an 25ú Bealtaine.**

## Clár Cuideachta 2022

**Tá áthas ar Phleanáil Teanga Chonamara Láir é a fhógairt go mbeidh siad páirteach sa scéim Cuideachta i gcomhar le Tuismitheoirí na Gaeltachta. Is clár é seo do theaghlaigh Ghaeltachta atá ag tógáil a gclann le Gaeilge. Is deis iontach é seo chun teaghlaigh a thabhairt le chéile go háitiúil agus cuirfear ócáidí taitneamhacha, spraíúla ar fáil dóibh. Beidh an clár i gConamara Láir dírithe ar theaghlaigh le gasúir ó 0-4 bliana d'aois. Má tá suim ag do theaghlach ann, seol ríomhpoist chuig Meadhbh meadhbh@tuismitheoiri.ie nó chuig Anne ag opt@conamaralair.ie**




## *TEAGASCÓIRÍ Á LORG!*



**Tá Pleanáil Teanga Chonamara Láir ag cur painéal teagascóirí le chéile. Painéal é seo de dhaoine a bheadh ar fáil agus ar suim leo ranganna Gaeilge a theagasc i limistéar Chonamara Láir. Fáilteofar freisin roimh iarratais ó dhaoine a bhfuil cáilíochtaí agus / nó taithí cuí acu chun ranganna éagsúla (mar shampla sna healaíona dúchasacha, spóirt, ceardaíocht, srl.,) a sholáthar trí mheán na Gaeilge.**

**Má tá suim agat a bheith ar an bpainéal seo, seol ríomhphost chuig ocpt@conamaralair.ie**

# Coirnéal Chomhrá- 'Ar Chuala Tú?'



**Aoi na míosa: Máire Bríd Breathnach**
**Riarthóir Ionaid Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge, Carna**
**Ball de Choiste Stiúrtha Pleanála Teanga Chonamara Láir**

**1. Aon ainm eile ina bhfuil aithne ag daoine ort?** Máire Bríd Jackie Mhick / Máire Bríd Kate Val

**2. Cén ceantar ina bhfuil cónaí ort?** Tá mé i mo chónaí in Inbhear, Rosmuc.

**3. Ar fhás tú suas sa cheantar seo?** Rugadh agus tógadh mé i Rosmuc. Is pocaide amach is amach mé!

**4.An bhfuil tú sásta go shocraigh tú fanacht ag baile agus cén fáth?**
Tá mé an-sásta go raibh mé in ann fanacht sa mbaile. Is cuimhin liom agus mé ag fás aníos nach raibh sé riamh ar intinn agam cónaí in áit ar bith eile ach i Rosmuc. Is ann a bhí mé ag iarraidh teach a thógáil agus clann a thógáil freisin . Nuair a bhí mo chuid oideachais bainte amach agam in OÉ Gaillimh d'fhill mé ar Rosmuc agus is ann atá mé ó shin. Is áit speisialta é Rosmuc ina bhfuil stair na tíre seo fite fuaite ann. Nuair a thugann tú do aghaidh soir ó mo theach, taobh istigh de mhíle bóthair, tá teach an scríbhneora cáiliúil Colm Ó Gaora, ansin tá Inver Lodge – teach an t-Iarla Dudley a bhí ina Lord Lieutenant in airm na Breataine agus ar ndóigh ansin teach Phádraig Mac Piarais. Tá an t-ádh orm!

**5. Cén tairbhe a bhaineann tú as an nGaeilge?** Tá an t-ádh orm go bhfuil mé in ann Gaeilge a labhairt agus a úsáid i reimsí mo shaoil uilig. Tá mé i mo chónaí sa nGaeltacht agus ag obair tré mhéan na Gaeilge agus is iontach an rud é go bhfuil an seans agam an Ghaeilge a úsáid gach lá.

**6.An mbíonn tú in ann go leor do chuid oibre a dhéanamh trí Ghaeilge?** Tá an t-ádh orm go bhfuil mé in ann mo chuid oibre uilig a dhéanamh trí Ghaeilge mar go bhfuil mé ag obair in Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge i gCarna.

**7.Céard é an béile is fearr leat?** Is aoibhinn liom Stéig & sceallóga -ach gan é a bheidh ró-dhéanta – is maith liom é a bheidh dearg go maith.

**8.Céard é an boladh is fearr leat?** Is maith liom boladh cáca bácailte sa gcisteanach.

**9.Céard é an deoch is fearr leat?** Is maith liom Tae Ginger agus Brandy & Ginger Ale

**10.Cén bialann is mó a thaitníonn leat?** Is maith liom The Burger Story in aice leis an bPóirse Caoch (Spanish Arch) i gcathair na Gaillimhe. Tá beatha den scoth ann.

**11.An bhfuil caitheamh aimsire faoi leith a thaitníonn go mór leat?** Is aoibhinn liom a bheidh ag iomramh curachaí canbháis. Bíonn roinnt againn ag iomramh sa cheantar agus is álainn an caitheamh aimsire atá ann. Níl tada níos fearr ná do aghaidh a thabhairt amach ar an bhfarraige tar éis lá crua agus dul ag iomramh – tá sé an-mhaith don chloigeann agus don cholainn. Bíonn tú i gcónaí ag foghlaim gach uair a théann tú amach sa gcurach – is maith liom é sin, coinníonn sé thú airdeallach i gcónaí.

**12.An saoire is mó a thaitin leat ar & cén fáth?** Bhí an t-ádh orm go raibh mé in ann cuairt a thabhairt ar Hawaii roinnt mhaith blianta ó shin. Ní féidir liom cur síos ar cé chomh álainn agus speisialta agus a bhí an áit agus na daoine ann. Gach oíche bhí nós ag na daoine áitiúla teacht isteach ar an trá ina mbáid beaga agus soilse a lasadh ar an trá. Ba álainn an radharc é na soilse a bheidh lasta ar thrá Waikiki gach oíche.

**13.Cén saghas ceol ina bhfuil suim agat ann?** Is maith liom ceol tíre – go háirithe Zac Brown Band.

**14.An noiméad den lá is fearr leat?** Is aoibhinn liom nuair atá mo lá curtha isteach agam suí ar mo chathaoir le cupán tae & briosca agus féachaint ar chlár teilifíse.

**15.An rud is mó a ghoileann ort?** Go bhfuil faitíos ar dhaoine atá ag fulaingt lena meabhairshláinte labhairt faoi nó cúnamh a lorg. Goileann sé orm go bhfuil náire fós ar dhaoine labhairt faoi meabhairshláinte. Sílím go bhfuil sé níos measa amuigh faoin tuath ná mar atá sé sa gcathair.

## Comórtas Grianghrafadóireachta



Comhghairdeas mór le Máire Ní Éinniú a bhuaigh comórtas mhí Bealtaine. Tógadh an pictiúr den currach seo ar Oileán Máisean.
Míle buíochas le gach duine a sheol grianghraif chugainn.
Is í Johanna, grianghrafadóir aitheanta atá lonnaithe i gConamara, a bheas i mbun moltóireachta ar an gcomórtas i mbliana.
Seolaigí chugainn bhur bpictiúir do chomórtas mhí an Mheithimh chuig ocpt@conamaralair.ie le seans féirín beag deas a fháil ó Phleanáil Teanga Chonamara.

## Logainm na Míosa:

**Gabhla:**

*Scríobh Tim Robinson ina nótaí taighde go dtagann an logainm seo ón bhfocal 'gabhal' agus ciallaíonn sé sa gcomhthéacs seo 'a forked inlet'.*

## Seanfhocal na Míosa:

*Ní féidir leis an ngobadán an dá thrá a fhreastal*

---

**Bí i dteagmháil linn!**

opt@conamaralair.ie
ocpt@conamaralair.ie

**Meáin Shóisialta**

Conamara Láir
conamaralair
@ConamaraLair

'Ár dTeanga- Labhair í 's Bí Bródúil!'

Pleanáil Teanga Chonamara Láir

Conamara Láir

Fógra Séanta: Ní ghlacann Forbairt Chonamara Láir Teo./ Pleanáil Teanga Chonamara Láir freagracht as aon ábhar ó tríú pháirtí atá curtha i gcló ar an nuachtlitir seo.